



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil Aonad:	an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair (<i>más ábhartha</i>)	Oifigeach Teicniúil (Cúntóir um Dhearbhú Cáilíochta)
Tréimhse an Phoist:	12 mhí (Tearmaí Coinníollacha sealadacha 12 mhí painéil ceangailte)
Grád:	Oifigeach Teicniúil
Bainisteoir Líne	Bainisteoir Saotharlainne
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019527
Riarthóir Acmhainní Daonna	Natalia McDonagh

Achoimre ar an bPost:

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris (NVRL) i Seirbhísí Sláinte na hÉireann mar phríomhsheirbhís dhiagnóiseach agus tagartha do chliniceoirí a dhéanann imscrúdú ar ionfhabhtuithe víreasacha. Cuireann an tsaotharlann thart ar 170 tástáil ar fáil chun 45 pataigin dhifriúla ar a laghad a dhiagnóisiú agus is éard atá i gceist leis an ualach oibre reatha ná breis agus 1 milliún tástáil a dhéanamh in aghaidh na bliana.

Tá an NVRL creidiúnaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) mar Shaotharlann Náisiúnta um Póilióivíreas, Fliú, Bruitíneach agus Rubella. Tá an NVRL creidiúnaithe freisin ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun tástáil a dhéanamh mar atá sonraithe sa [Sceideal](#) ar a bhfuil an Uimhir Chlárúcháin 326MT, i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ISO/IEC 15189.

Is é príomhchuspóir an phoist cabhrú le Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS) cuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme a chomhlíonann ceanglais ISO 15189, ceanglais reachtacha Náisiúnta agus AE.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Scileanna Teicniúla:

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon
- Coinnigh cothrom le dáta le forbairtí teicniúla agus téigh in oiriúint ar theicneolaíochtaí nua

Sláinte agus Sábháilteacht:

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- Cinntigh go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh chosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá
- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú

Bainistíocht agus Pleanáil:

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála

Scileanna Idirphearsanta:

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe
- Éist le daoine eile agus pléigh leo go hógair agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionductúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

Riachtanais Seirbhíse

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair

Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a choigeartú de réir mar is cuí

Riachtanais Ról Sonracha

- Idirchaidreamh a dhéanamh le conraitheoirí seachtracha le linn calabhrú trealaimh, cothabháil phleanáilte agus neamhphleanáilte
- Tuarascálacha calabraithe agus cothabhála arna soláthar ag conraitheoirí seachtracha a athbhreithniú agus a údarú
- Cabhrú le meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar athruithe pleanáilte (rialú athraithe) ar phróisis, trealamh agus nósanna imeachta bailíochtaithe agus staidéir athcháilíochta/athbhailíochtaithe a eagrú de réir mar is gá
- Forbairt, comhordú agus cur i gcrích cáilíochta trealaimh agus bailíochtú próisis a chur chun cinn
- Cabhrú le córas a chur i bhfeidhm chun tástáil glactha bhaisc/seachadta a dhéanamh ar ábhar tástála rithbhachtach agus ar thomhaltáin ghaolmhara
- Cabhrú le córas rialaithe doiciméad a chur i bhfeidhm agus a chothabháil
- Tacú leis an gClár Iniúchóireachta Cáilíochta Inmheánaí agus Seachtraí agus a chinntiú go gcuirtear gníomhaíochtaí leantacha éifeachtacha agus láithreacha chun feidhme ar bhealach tráthúil
- Cabhrú le himscrúdú teagmhais, gearáin faoi thorthaí agus faoi sheirbhís agus a chinntiú go ndéantar bearta leantacha éifeachtacha láithreach
- Cabhrú le bunachair shonraí a bhunú agus a chothabháil le haghaidh rianaithe agus treochtáil
- neamhchomhréireachtaí, diallais, gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha, agus rialuithe athraithe
- Cabhrú le Cigireachtaí Seachtracha agus fíorú a dhéanamh maidir le gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha a chur i gcrích mar a shainaithnítear i dtuarascáil an chigire
- Cabhrú le cothabháil Scéim Measúnaithe Cáilíochta Inmheánaí agus Seachtraí an NVRL
- Tacú le Clár Oiliúna Foirne an NVRL agus oiliúint a chur ar fáil d'Fhoireann an NVRL i bprionsabail agus i gcleachtas cáilíochta
- Tiomantas a thabhairt do cheanglais ISO 15189 Saotharlanna Leighis - Ceanglais ar leith maidir le Cáilíocht agus Iniúilacht
- A bheith freagrach as cáilíocht a gcuid oibre agus a chinntiú go gcomhlíontar gach reachtaíocht ábhartha, Treoracha AE maidir le Cáilíocht Saotharlainne agus Córas Bainistíochta Cáilíochta an NVRL
- Páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme clár inmheánach agus seachtrach um rialú cáilíochta agus um dhearbhu cáilíochta
- Tuairisciú agus taifeadadh a dhéanamh, i gcomhar, leis an maoirseoir ábhartha, ar aon diallas nó neamhchomhlíonadh a d'fhéadfadh cur isteach ar cháilíocht na seirbhíse NVRL
- Cuspóirí cáilíochta an NVRL a bhaint amach agus a chothabháil
- Meas a léiriú ar fhaisnéis a fhaightear i gcúrsa na ndualgas a chomhlíontar, agus staonadh ó fhaisnéis den sórt sin a nochtadh gan toiliú an fhostaí/othair, nó an duine atá i dteideal gníomhú thar a gceann, ach amháin i gcás ina gceanglaítear nochtadh le dlí nó le hordú Cúirte, nó go bhfuil sé riachtanach ar mhaithe le leas an phobail.
- Páirt a ghlacadh in athbhreithniú comhpháirteach bliantúil lena n-áirítear breithniú ar na nithe seo a leanas:
 - cuspóirí agus pleananna sonraithe na saotharlainne
 - sainchuntas Poist

- cuspóirí pearsanta
- riachtanais oiliúna agus forbartha

Tuarastal: 95 Technical Officer_2013 (7915) €47,761 - €62,551 in aghaidh na bliana

Déanfar ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shainaithníonn le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas nó néar-éagsúil orthu.

Critéir Roghnúcháin

Leagann critéir roghnúcháin amach na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh ag teastáil ón iarrthóir rathúil a léiriú chun freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh go rathúil. Déanfar iarratais a mheas ar bhonn cé chomh maith agus a shásaíonn iarrthóirí na critéir seo.

Éigeantach:

- Céim Onóracha (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006)
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa
- Cumas oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena n-áirítear cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird á tabhairt ar mhionsonraí
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta toisc go mbaineann sí le hobair shaotharlainne
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag teacht chun cinn
- Ní mór d'iarrthóirí feacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a léiriú.
- Scileanna maithe scríofa agus cainte a thaispeáint
- Eolas den scoth ar Chreidiúnú Saotharlainne (ISO15189)
- Eolas ar Chórais Faisnéise Saotharlainne (LIMS)

Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe UCD

Ní mór duit an critéar cuí don ról a roghnú agus a chur san áireamh faoin gcuid éigeantach den Sainchuntas Poist. Chun tuilleadh eolais agus sonraí a fháil faoi “leibhéil choibhéiseacha” na Dáimhe agus na foirne eile, déan teagmháil le do Chomhairleoir Acmhainní.

Critéir le haghaidh gráid AOII – AOIA agus leibhéil choibhéiseacha na Dáimhe agus foirne eile

- Ní mór d'iarrthóirí feacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a léiriú.

Critéir gráid SAOIV – SAOIII agus leibhéil choibhéiseacha na Dáimhe agus foirne eile

- Ní mór d'iarratasóirí a léiriú conas a chuirfidh siad go dearfach le timpeallacht ionchuimsitheach agus leibhéal feacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chothú.

Critéir do róil shinsearacha - UMT móide tuarascálacha díreacha agus SAOII nó leibhéil choibhéiseacha na Dáimhe agus foirne eile

- Caithfidh iarratasóirí fianaise a chur ar fáil a léiríonn ceannasaíocht agus/nó tiomantas léirithe i leith an chomhionannais inscne, agus i leith an chláir níos leithne maidir leis an gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallacht saotharlainne nó ceardlainne
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Taithí roimhe seo ar Dhearbhu Cáilíochta i saotharlann dhiagnóiseach
- Eolas ar phacáistí bogearraí um Rialú Doiciméad/Rialú Cáilíochta
- Ballraíocht a bheith agat nó a bheith incháilithe do bhallraíocht in Acadamh Eolaíochta na Saotharlainne Míochaine (MAMLS) nó a chomhionann

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris UCD
An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:

Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir acmhainní daonna sannta.

Ainm:	Deirdre Burke
Teideal:	Bainisteoir Saotharlainne
Seoladh Ríomhphoist:	Deirdre.Burke@ucd.ie
Fón:	01-7161328